Dolores O'Riordan

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Dolores O'Riordan. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat na focail/ frásaí ar chlé a mheaitseáil leis na focail/ frásaí ar dheis?

1. scaoilte abhaile	*a) that landed*
2. gabhadh í	*b) medical treatment*
3. ionsaí	*c) released home*
4. a thuirling	*d) regarding the incident*
5. líomhnaithe	*e) she was arrested*
6. ball d'fhoireann an chábáin	*f) world-wide renown*
7. i leith na heachtra	*g) alleged*
8. cóir leighis	*h) attack*
9. príomhamhránaí	i) *lead singer*
10. cáil dhomhanda	j) *cabin crew member*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus líon na bearnaí sa script leis na focail thuas.

Tá an t-amhránaí Dolores O'Riordan _____ tráthnóna. _____ ag Aerfort na Sionainne ar maidin agus amhras fúithi go ndearna sí _____ ar dhuine den chriú ar eitilt as Nua-Eabhrac go dtí an tSionainn. Líomhnaítear freisin go ndearna sí ionsaí ar Gharda san aerfort.

Bhí Dolores O'Riordan ar an eitilt thrasatlantach de chuid *Aer Lingus* ó Nua-Eabhrac _____ sa tSionainn timpeall leathuair tar éis a cúig maidin inniu. Ach, tá sé _____ gur tharla eachtra agus gur ionsaíodh _____. Cuireadh na Gardaí ar an eolas faoin eachtra agus tá sé líomhnaithe chomh maith agus iad ag gabháil bean maidir leis an ionsaí, go ndearnadh ionsaí ar bhall de na Gardaí féin. Tugadh an ball foirne de chuid an chriú cábáin go dtí Ospidéal na hOllscoile i Luimneach de bharr a cos a bheith gortaithe. Tugadh Dolores O'Riordan go dtí Stáisiún na nGardaí sa tSionainn chun í a cheistiú _____. Tar éis do dhochtúirí í a scrúdú sa stáisiún tugadh as sin go dtí Ospidéal na hOllscoile i Luimneach í chun _____ a chur uirthi.

Bhí Dolores O'Riordan, a bhí mar _____ ar an ngrúpa na *Cranberries* a bhain _____ amach sna nóchaidí, ó Bhaile Uí Bhricín ó Iarthar Chontae Luimnigh ó dhúchas. Tuigtear go gcaitheann sí formhór a saoil anois idir Ceanada agus Baile Átha Cliath, áiteanna go bhfuil tithe aici. Tráthnóna scaoileadh abhaile Dolores O'Riordan ach tá fiosrúchán na nGardaí maidir leis an eachtra sa tSionainn maidin inniu ag leanúint ar aghaidh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cé as Dolores O'Riordan agus cá bhfuil sí ina cónaí anois?
2. Cén fáth a bhfuil cáil dhomhanda uirthi?
3. Cén fáth ar gabhadh í maidin inniu in Aerfort na Sionainne?
4. An bhfuil sí i bpríosún anois?

Ceist 4 Cuir an t-alt roimh na focail thíos. Ansin féach ar an mír arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

amhránaí _____
Sionainn _____
ball foirne _____

Cad faoi na focail seo anois a bhí sa mhír freisin? Cuir an t-alt rompu:

duine _____
eitilt _____
aerfort _____
eolas _____
bean _____
áit _____
saol _____

Ceist 5 *O'Riordan nó Ó Ríordáin?*

1. An mbaineann tú úsáid as an leagan Gaeilge nó as an leagan Béarla de do shloinne? Cén fáth?
2. An maith leat d'ainm? Cén fáth?
3. Cad is brí le ***Mac*** agus cad is brí le ***Ó***?
4. Tá iníon amháin agus mac amháin ag Seosamh Mac Con Iomaire. Sorcha agus Pól is ainm dóibh. Cén sloinne atá orthu mar sin?
5. Tá iníon amháin agus mac amháin ag Colm Ó Searcaigh. Áine agus Seamus is ainm dóibh. Cén sloinne atá orthu mar sin?
6. Conas a deirtear *Mr* agus *Mrs* i nGaeilge?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil cur amach agat ar cheol na *Cranberries*? An maith leat é?
2. Cén cineál ceoil a thaitníonn leatsa?
3. Cén tábhacht a bhaineann le ceol sa saol, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
c	e	h	a	g	j	d	b	i	f

Ceist 2

Tá an t-amhránaí Dolores O'Riordan **scaoilte abhaile** tráthnóna. **Gabhadh í** ag Aerfort na Sionainne ar maidin agus amhras fúithi go ndearna sí **ionsaí** ar dhuine den chriú ar eitilt as Nua-Eabhrac go dtí an tSionainn. Líomhnaítear freisin go ndearna sí ionsaí ar Gharda san aerfort.

Bhí Dolores O'Riordan ar an eitilt thrasatlantach de chuid *Aer Lingus* ó Nua-Eabhrac **a thuirling** sa tSionainn timpeall leathuair tar éis a cúig maidin inniu. Ach, tá sé **líomhnaithe** gur tharla eachtra agus gur ionsaíodh **ball d'fhoireann an chábáin**. Cuireadh na Gardaí ar an eolas faoin eachtra agus tá sé líomhnaithe chomh maith agus iad ag gabháil bean maidir leis an ionsaí, go ndearnadh ionsaí ar bhall de na Gardaí féin. Tugadh an ball foirne de chuid an chriú cábáin go dtí Ospidéal na hOllscoile i Luimneach de bharr a cos a bheith gortaithe. Tugadh Dolores O'Riordan go dtí Stáisiún na nGardaí sa tSionainn chun í a cheistiú **i leith na heachtra**. Tar éis do dhochtúirí í a scrúdú sa stáisiún tugadh as sin go dtí Ospidéal na hOllscoile i Luimneach í chun **cóir leighis** a chur uirthi.

Bhí Dolores O'Riordan, a bhí mar **phríomhamhránaí** ar an ngrúpa na *Cranberries* a bhain **cáil dhomhanda** amach sna nóchaidí, ó Bhaile Uí Bhricín ó Iarthar Chontae Luimnigh ó dhúchas. Tuigtear go gcaitheann sí formhór a saoil anois idir Ceanada agus Baile Átha Cliath, áiteanna go bhfuil tithe aici. Tráthnóna scaoileadh abhaile Dolores O'Riordan ach tá fiosrúchán na nGardaí maidir leis an eachtra sa tSionainn maidin inniu ag leanúint ar aghaidh.

Ceist 3

Ceist 4

amhránaí	*an t-amhránaí*
Sionainn	*an tSionainn*
ball foirne	*an ball foirne*
duine	*an duine*
eitilt	*an eitilt*
aerfort	*an t-aerfort*
eolas	*an t-eolas*
bean	*an bhean*
áit	*an áit*
saol	*an saol*

Ceist 5

1 agus 2: tuairimíocht atá i gceist.
3. Mac – son / Ó – grandson
4. Sorcha Nic Con Iomaire / Pól Mac Con Iomaire
5. Áine Ní Shearcaigh / Seamus Ó Searcaigh
6. Mr – An tUasal: An tUasal Ó Searcaigh agus An tUasal Mac Con Iomaire
   Mrs – Bean Uí/Bean Mhic: Bean Uí Shearcaigh agus Bean Mhic Con Iomaire

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá an t-amhránaí Dolores O'Riordan scaoilte abhaile tráthnóna. Gabhadh í ag Aerfort na Sionainne ar maidin agus amhras fúithi go ndearna sí ionsaí ar dhuine den chriú ar eitilt as Nua-Eabhrac go dtí an tSionainn[1]. Líomhnaítear freisin go ndearna sí ionsaí ar Gharda san aerfort.

Tomás Ó Mainnín
Bhí Dolores O'Riordan ar an eitilt thrasatlantach de chuid *Aer Lingus* ó Nua-Eabhrac a thuirling sa tSionainn[2] timpeall leathuair tar éis a cúig maidin inniu. Ach, tá sé líomhnaithe go dtarla[3] eachtra agus gur ionsaíodh[4] ball d'fhoireann an chábáin. Cuireadh na Gardaí ar an eolas faoin eachtra agus tá sé líomhnaithe chomh maith agus iad ag gabháil bean[5] maidir leis an ionsaí, go ndearnadh ionsaí ar bhall de na Gardaí féin. Tugadh an ball foirne de chuid an chriú cábáin go dtí Ospidéal na hOllscoile i Luimneach de bharr a cos[6] a bheith gortaithe. Tugadh Dolores O'Riordan go dtí Stáisiún na nGardaí sa tSionainn len í[7] a cheistiú i leith na heachtra. Tar éis do dhochtúirí í a scrúdú sa stáisiún tugadh as sin go dtí Ospidéal na hOllscoile i Luimneach í chun cóir leighis a chur uirthi.

Bhí Dolores O'Riordan, a bhí mar phríomhamhránaí ar an ngrúpa na *Cranberries* a bhain cáil dhomhanda amach sna nóchaidí, ó Bhaile Uí Bhricín ó Iarthar Chontae Luimnigh ó dhúchas.[8] Tuigtear go gcaitheann sí formhór a saoil anois idir Ceanada agus Baile Átha Cliath, áiteanna go bhfuil tithe aici. Tráthnóna scaoileadh abhaile Dolores O'Riordan ach tá fiosrúchán na nGardaí maidir leis an eachtra sa tSionainn maidin inniu ag leanúint ar aghaidh.

[1] *Aerfort na Sionainne* atá i gceist. Is é *an tSionainn* ainm na habhann, agus is é *Sionainn* ainm an bhaile.
[2] Féach an pointe thuas.
[3] *gur tharla* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[4] *gur n-ionsaíodh* a deirtear
[5] *ag gabháil mná* (tuiseal ginideach uatha) atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[6] *cois* a deirtear
[7] *le hí* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[8] Ba cheart an chopail a úsáid san abairt seo. i. ***Ba as*** *Baile Uí Bhricín Dolores O' Riordan*.